


Tomhais: Ag tomhas – Moltaí don teagasc




MEON TÁIRGIÚIL A CHOITHÚ

- Tarraing aird ar an ról tábhachtach atá ag tomhas inár saolta laethúla.
- Spreag na páistí chun an chaoi a n-úsáideann daoine fásta tomhais sa bhaile agus san ionad oibre a fhiosrú.
- Bíodh páistí páirteach i bhféinmheasúnú agus machnamh fiúntach ar thascanna tomhais.


SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Tabhair deiseanna do na páistí chun a dtuiscint ar thomhas a fhorbairt trí bheith rannpháirteach go gníomhach le haonaid tomhais neamhchaighdeánacha agus chaighdeánacha.
- Bunaigh stáisiún meastacháin sa seomra ranga ag díriú ar thagamharcanna a thomhas agus iad a úsáid chun tacú le páistí maidir le tomhais a chur i gcomparáid.
- Dúshlán a thabhairt roimh na páistí chun a dtomhas a léiriú trí chluichí agus trí ghníomhaíochtaí spráíúla, m.sh., *dúshlán ETIM, fad eitleáin pháipéir nó cairr bhréige a thomhas, leachtanna a thomhas maidir le deochanna, bÁCáil, srl.*




TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Lig do pháistí líon éagsúil d'fhadhbanna fíorshaoil a fhiosrú a chuireann lena dtuiscint maidir le tomhas agus a chuireann dúshlán roimh mhíthuiscintí.
- Cuir timpeallacht foghlama dhearfach chun cinn a léiríonn meas ar bhealaí éagsúla chun fadhbanna tomhais a réiteach agus a spreagann iad.
- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí chun dul i ngleic le tascanna tomhais dúshlánacha le chéile agus chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid taithí agus iad a roinnt le chéile.



BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Spreag na páistí chun uirlisí tomhais a roghnú agus chun plé a dhéanamh ar na cinn a bhfuil ina n-uirlisí is oiriúnaí.
- Roghnaigh tascanna agus gníomhaíochtaí a bhaineann le taithí saoil na bpáistí, rud a ligfidh dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le réitigh bhríocha ar fhadhbanna.
- Spreag na páistí chun a dtascanna tomhais féin a chruthú a ligeann dóibh tomhas a fhiosrú agus ciall a bhaint as.



MATA-CHAI NT A CHUR CHUN CINN

- Tabhair deiseanna do pháistí plé a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáideann siad tomhas ina saolta laethúla.
- Úsáid grianghraif agus gearrthóga físe mar spreagadh chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear tomhas san fhíorshaoil, m.sh., *na Cluichí Oilimpeacha, cláir teilifíse a bhaineann le cócaireacht, taisteal, dearadh intí.*
- Spreag úsáid an stór focal a bhaineann le tomhas ar fud an churaclaim, m.sh., *faid a thomhas i gCorpoideachas, péint a thomhas in Ealaín.*

